


kwetb
Kildare and Wicklow Education and Training Board

## Nuacht is déanaí ó *Ghaelcholáiste na Mara:* Mí na Nollag 2025

**''Téann an saol thart mar a bheadh eiteoga air,**
**agus cuireann gach aon Nollaig bliain eile ar do ghualainn.'**

## Eolas Ginearálta:

### Gaeilgeoirí mhí na Samhna

Comhghairdeas lenár nGaeilgeoirí do mhí na Nollag. Rinne na daltaí thíos sár-iarracht an Ghaeilge a úsáid go laethúil agus í a chur chun cinn timpeall na scoile. Bronnadh dearbháin phíotsa orthu chun aitheantas ar leith a thabhairt dóibh.

*Éamonn Ó Raghallaigh (Bl.5), Seán Mac Gabhann (Bl.5), Jem Ó hAimhirgín (Bl.4), Dylan Ó hUallacháin (Bl.4), Grace Ní Dhiomsaigh (B.5) agus Kate Ní Mhairtín (Bl.1)*

### Comórtas Díospóireachta Uí Chadhain

Faraor, ní raibh an bua ag ár bhfoireann shóisearach an mhí seo i ndíospóireacht Uí Chadhain, in ainneoin argóintí láidre soiléire ó Lola Ní Eachthighearna, Hollie de Barra agus Jude Ó hÁgáin. Gan amhras, is éacht mór é leathchraobh na hÉireann a shroicheadh. Bhí obair na gcapall déanta acu le hOide Eibhlín i mbliana agus táimid an-bhródúil astu ar fad. Bronnadh dearbhán pizza orthu don obair diograiseach a dhearna siad. Beidh lá eile ag an bPaorach!

### Cruinniú Tuistí – Bl.6

D'fhreastail scoláirí na séú bliana agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí ar chruinnithe tuistí agus múinteoirí le déanaí. Tráthnóna tairbheach a bhí ann agus chuidigh sé le dul chun cinn ár ndaltaí.

**Torthaí do Scrúduithe an Gheimhridh**

Fuair daltaí ó Bhliain 1, Bl. 2 agus Bl. 5 a gcuid torthaí do Scrúduithe an Gheimhridh. D'oibrigh siad go léir go han-mhaith. Maith sibh! Cabhróidh aiseolas na múinteoirí leo lena ndul chun cinn.

**Bronnadh**

Bronnadh duais speisialta ar Kate ni Mhairtín (Bliain 1) mar is í a gnnóthigh na pointí is airde sa scoil ó thus na bliana. Maith thú a Kate.

**Turais na Nollag**

Bhí cúpla lá iontach ag ár ndaltaí chun deireadh a chur leis an téarma scoile. D'eagraigh roinnt múinteoirí turais ar son ár ndaltaí. Chuaigh na daltaí Bl.1 go dtí an phictiúrlann. Bhain siad taitneamh as an sos ón obair scoile. Chuaigh lucht na dara agus na tríu bliana go Dún Droma ag scátáil oighir. Ina theannta sin, chuaigh muintir na 5ú agus na 6ú bliana ag scátáil oighir agus ag siopadóireacht I dTamhlacht. Bhí an-spraoi acu ar fad.

**Daidí na Nollag**

Bhi cuairteoir speisialta ar scoil an mhí seo ag dáileadh bronntanais ar na múinteoirí a bhí ar a liosta maith.

**Comórtas Maisiú na nDorais**

Bhí sonas, spraoi agus spiorad na Nollag i nGaelcholáiste na Mara an mhí seo le comórtas maisiú na ndorais. Rinne gach rang sárobair, ach ba iad Bl.3 rang Bó Finne agus Bl.3 rang Tiarachta na buateoirí. Maith sibh ar fad!

**Comórtas Síog na Nollag**

Bhí Síog na Nollag ar iarraidh i nGaelcholáiste na Mara ar feadh coicíse. Bhí ar na daltaí í a aimsiú gach lá, agus cuireadh a n-ainmneacha isteach sa chrannchur don lá deireanach roimh an Nollaig. Bhuaigh Isla Ní Mhuilleoir (Bl. 1) an duais. Bhí an-chraic againn ar fad.

**Lá deiridh roimh laethanta saoire na Nollag**

Bhí leathlá iontach lán le craic agus ceol againn roimh bhriseadh na Nollag.

Rinne daltaí Bl. 1 sárobair ar maidin ag canadh carúil Nollag faoi stiúr Oide Helen. Chabhraigh Oide Breandán leo, agus bhí cúpla dalta eile ag seinm uirlisí ceoil — Theo Mac an Iarla ar an sacsafón, Lennon Rees ar an méarchlár, agus Isabelle Kate Ní Siadhail ar an ngiotár. Anuas air sin, bhí Seán de Róiste ar an ucailéile, Fiachra Willoughby ar na drumaí, agus George Seoighe ar an ngiotár. Bhí Sarah Aoibhe Colmánach Ní Cheallaigh agus Sarah Verdes (Bl. 6) ag canadh chomh maith. Chuir sé seo go mór le spiorad na Nollag an mhaidin Sin.

Ina dhiaidh sin, ghlac na daltaí go léir páirt i dtráth na gceist a d'eagraigh Oide Doireann. Bhain gach duine an-taitneamh as an lá.

**Scoileanna Ildánacha**

Tá Scoileanna Ildánacha á n-eagrú againn faoi stiúir Oide Helen, trína cuid oibre ar an Tionscadal Féinmheastóireacht Scoile, agus buíochas le hOidí Cathal agus Lauren a bhíonn ag tacú leo gach seachtain. Tá dul chun cinn an-mhaith déanta acu an mhí seo agus táimid go léir ag tnúth leis an toradh deiridh a fheiceáil.

**Club Amhránaíochta:**

Lean Club Amhránaíochta ar aghaidh le hOide Helen agus tá na daltaí ag baint sult as. Bíonn siad ag tnúth leis gach Máirt.

**Éachtaí Lasmuigh den Scoil**

Chuaigh Donncha agus Millie ón 6ú Bliain go dtí Strasbourg ar thuras oideachasúil i gcomhair Euroscola an mhí seo. D'fhreastail siad ar Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg agus rinne siad díospóireacht agus plé ar thopaicí cosúil le hintleacht shaorga agus cibearshlándáil. Ansin, chuaigh siad go dtí caisleán i Heidelberg sa Ghearmáin agus shiúil siad tríd an bhaile. Bhain siad an-tairbhe as.

## An Idirbhliain:

**Margadh na Nollag**

Faoi stiúir Oide Ciara, d’eagraigh lucht na hIdirbhliana margadh na Nollag san ionad siopadóireachta Bridgewater. Fuair siad deis bualadh leis an TikToker @thatdeadyfella. Ansin, d’eagraigh siad  margadh eile ar scoil an Déardaoin deireanach roimh na laethanta saoire. Dhíol siad a lán rudaí deasa. Tráthnóna an-rathúil a bhí ann.

**Scoileanna Ildánacha:**

Ghlac na daltaí páirt i ngníomhaíochtaí Scoileanna Ildánacha le hOide Helen, áit ar cuireadh béim ar chruthaitheacht agus ar fhéinléiriú.

**Turas na Nollag:**

Chuaigh an Idirbhliain ag scátáil oighir i nDún Laoghaire le hOidí Aaron agus Aífe. Bhain siad an-sult as an lá.

## Spórt:

### Sacar

**Buachaillí faoi 19 (le hOide Martin):**

Ar an 1ú Nollaig, d’imir na buachaillí faoi 19 cluiche i gcoinne James Street i Lamberton. Ar an drochuair, le cúpla imreoir as láthair, bhí sé an-dúshlánach agus chaill siad 5–0.
Ar an 18ú Nollaig, d’imir siad cluiche as baile i gcoinne Bridgetown (Kilmore United AFC, Loch Garman) agus d’éirigh leo bua iontach 3–2 a fháil. Chuaigh an fhoireann chun tosaigh go luath le cúl ó Oisín ó chic saor Jack. Scóráil Bridgetown dhá chúl ina dhiaidh sin, ach roimh leathama fuair Ciarán cúl chun an chluiche a thabhairt ar ais go 2–2. Fuair Jack an cúl cinniúnach sa dara leath agus choinnigh na buachaillí an bua go dtí an deireadh. Maith sibh!

**Buachaillí faoi 17 (le hOide Gearóid):**

Ar an 9ú Nollaig, d'imir na buachaillí faoi 17 cluiche i gcoinne Choláiste Raithín i gceathrú chraobh Laighean, na Clocha Liatha. Bhí siad 1–0 síos ag leathama, ach tháinig siad ar ais go láidir sa dara leath. Fuair Milo Malcomson cúl álainn le volley, agus sna nóiméid dheireanacha fuair Conor Ó Dálaigh an cúl buaiteach le cic ón taobh amuigh den bhosca. Bua 2–1 agus sár-iarracht ó gach duine.

**Buachaillí faoi 15 (le hOide Cathal):**

Ar an 10ú Nollaig, d'imir na buachaillí faoi 15 cluiche i gcoinne Scoil Chonglais i bPáirc Travers Insurance, Lamberton, agus bhuaigh siad 6–3. Bhí siad 4–1 chun tosaigh ag leathama, le ceithre chúl ó Fionnán. Sa dara leath, scóráil Aidon Fuireastal agus Daniel Clarke cúl an duine chun an bua a dhaingniú. Ar an 12ú Nollaig, d'imir siad cluiche eile i gcoinne Avondale Community College sa pháirc chéanna agus bhuaigh siad 5–3. Cé gur scóráil ACC an chéad chúl, tháinig GCM ar ais le dhá chúl ó Fionnán ó chiceanna saora den scoth, chomh maith le cúl ceanntaca ó Sami agus cúl eile sa dara leath. Ainmníodh Fionnán mar fhear an chluiche. Iarracht den scoth.

**Buachaillí Bl.1 (le hOide Dearan):**

Ar an 16ú Nollaig, d'imir buachaillí Bl.1 cluiche i gcoinne Scoil Phobail na gCloch Liath agus bhuaigh siad 4–1. Fuair Conn dhá chúl agus thug sé pas cúil do chúl Caoimhín. Thug Niall an pas deireanach do Fiachra tar éis sár-obair foirne. Bhí an chosaint thar barr ar fad agus níor lig siad ach cic saor amháin isteach. Tá siad tríd anois go comórtas Laighean tar éis bhriseadh na Nollag. Maith sibh, a bhuachaillí.

## CLG

**Iománaíocht Shinsear (le hOide Aifé):**

Ar an 8ú Nollaig, d'imir an fhoireann shinsearach cluiche i gcoinne Naas C.C. i dTara Rocks, Guaire. In ainneoin coinníollacha fliucha, thosaigh siad go han-mhaith, le cúl luath ó Finn. Cé go raibh siad síos ag leathama, tháinig an fhoireann ar ais go láidir sa dara leath, ag imirt le chéile agus ag taispeáint spiorad iontach. Bhuaigh siad an cluiche 5–10 go 2–11, le scóir ó Thírnan Mac Piarais, Finn Ó Laoire, Josh Ó Caoimh, Bobby Ó Murchú agus Donncha Ó Móráin. Sárthaispeántas a bhí ann.

## Na Meáin Shóisialta:

**Focal scoir:**

Ba mhaith linn gach rath agus sláinte a ghuí ar gach éinne don bhliain nua. Tá súil againn gur bhain sibh taitneamh as an Nollaig agus go mbeidh bliain rathúil, shona romhaibh go léir ó fhoireann GCM.

Lean muid ar:

- ***Twitter (@nuachtGCM)***
- ***Facebook (Gaelcholáiste na Mara)***
- ***Instagram (@Gaelcholáiste_na_Mara)*** chun an t-eolas is déanaí a fháil